Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán



# Cad is brí le "arna rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann"?

Is athscríbhinn í seo den fhíseán mínithe: Cad is brí le "arna rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann"?

Foilsíodh an físeán ar an 23 Deireadh Fómhair 2019.

**Carl:** Caife inniu, Alex?

**Alex:** Le do thoil, Carl.

RAIDIÓ: "… Eastlife Insurance is regulated by the Central Bank of Ireland."

**Carl:** Cloisim é sin ar an raidió an t-am ar fad. Cad is brí leis?

**Alex:** Ceist mhaith! Ceann de na príomhróil atá againn sa Bhanc Ceannais is ea gnólachtaí airgeadais a rialáil. Féach air seo.

Caithfidh na gnólachtaí atá údaraithe againn an frása "arna rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann" a úsáid ina gcuid fógraí teilifíse agus raidió.

Is gá dóibh é a lua freisin ar a stáiseanóireacht, ar a suíomh gréasáin agus ar chumarsáid leictreonach.

Cuireann an frása sin in iúl duit gur gá don chuideachta cloí le rialacháin a chosnaíonn tú nuair a cheannaíonn tú seirbhís airgeadais.

Is iad sin Rialacháin Stuamachta agus Rialacha maidir le Gnó a Dhéanamh.

Cinntíonn rialacháin stuamachta go bhfuil cuideachtaí sábháilte agus go ndéantar bainistíocht mhaith orthu. Is cosaint bhunúsach í sin do chustaiméirí.

Tugann Rialacha maidir le Gnó a Dhéanamh cosaint duit nuair a cheannaíonn tú táirge nó seirbhís airgeadais.

Cinntíonn Rialacha maidir le Gnó a Dhéanamh:

Go bhfuil gnólachtaí macánta, cothrom agus proifisiúnta

Go n-oibríonn siad chun do leasa nuair a chuireann siad táirgí agus seirbhísí airgeadais ar fáil

Go dtugann siad an t-eolas atá uait chun cinntí a dhéanamh

Go gceartaíonn siad botúin agus go bpléann siad le gearáin ar bhealach tapa agus cothrom.

**Carl:** Cé a chinntíonn go gcloíonn gnólachtaí leis na rialacha sin?

**Alex:** I gcás Rialacha maidir le Gnó a Dhéanamh, déanann an Banc Ceannais maoirseacht ar na gnólachtaí in Éirinn.

I gcás rialacháin stuamachta áfach, ní dhéanann an Banc Ceannais maoirseacht ach ar na gnólachtaí atá údaraithe aige féin.

**Carl:** Cé eile a dhéanann údarú ar ghnólachtaí?

**Alex:** Toisc go bhfuilimid san Aontas Eorpach, is féidir le gnólacht údarú a fháil i mBallstát eile san AE agus seirbhísí a chur ar fáil in Éirinn le "pas" an AE.

Déanaimid maoirseacht ar na gnólachtaí sin le haghaidh rialacha maidir le gnó a dhéanamh, ach déanann na rialtóirí ina dtír féin maoirseacht stuamachta orthu.

Úsáideann na gnólachtaí sin an frása "arna rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann do rialacha maidir le gnó a dhéanamh" ina gcuid fógraí.

**Carl:** Tuigim.

**Alex:** Má chloiseann tú na focail "arna rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann", ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an gnólacht cloí le rialacháin chun tú a chosaint.

**Carl:** Go deimhin!

**Alex:** Feicfidh mé amárach thú!

**Carl:** Slán.

**Alex** [leis an gcustaiméir a bhí ina sheasamh taobh thiar di ag fanacht le caife a ordú]**:** Gabh mo leithscéal. Is ormsa atá ann ceann seo.